COMPANIES REGISTRATION OFFICE
AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ

Bileog Faisnéise Uimh. 15

GNÍOMHAIRE RÍOMHCHOMHDAITHE REACHTÚIL

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 15 / MÍ FEABHRA 2007

RÉAMHRÁ

Faoi alt 57 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005, is féidir le cuideachta duine a cheapadh mar ghníomhaire ríomhchomhdaithe reachtúil (GRR). Léirítear sa bhileog seo:

1. Conas is féidir le duine bheith ina GRR
2. Conas is féidir le cuideachta GRR a cheapadh
3. Dualgais an GRR
4. Freagrachtaí na cuideachta i leith an GRR
5. Conas a dhéantar doiciméid ríomhchomhdaithe a fhíordheimhniú

Is féidir tuairisceán bliantúil a chomhdú ar líne anois, ag úsáid ceann de na pacáistí bogearraí le doiciméid a chomhdú nó trí www.core.ie.

Tá an téacs ábhartha reachtaíochta le fáil in Aguisín 1.

1. CONAS IS FÉIDIR LE DUINE BHEITH INA GRR

Chun bheith i do GRR, ní mór iarratas a dhéanamh chuig an CRO, ag úsáid Foirme J1(a), le gníomhú mar GRR. Iarratas ar dheimhniú digiteach is ea an J1(a) ina ainmnítear duine éigin nó daoine ábhartha in eagraíocht an ghníomhaire a gheobhaidh aitheantas agus uimhir aitheantais phearsanta CRO le fíorú doiciméad a dheimhniú. Ní mór ainm agus aitheantas CRO an duine/na ndaoine seo a léiriú ar an bhfoirm.

Má bhíonn deimhniú digiteach ag an ngníomhaire cheana, is leor é seo. Beidh air/uirthi Foirm J1(a) a chomhlánú fós, áfach, le sínitheoirí deimhnithe a ainmniú.

Ní mór don sínitheoir deimhnithe iarratas a dhéanamh chuig an CRO, ag úsáid Foirme J2, ar aitheantas agus uimhir aitheantais phearsanta CRO.

Ma bhíonn aitheantas agus uimhir aitheantais phearsanta CRO aige/aici cheana mar stiúrthóir nó rúnaí, is leor iad seo.

2. CONAS IS FÉIDIR LE CUIDEACHTA GRR A CHEAPADH

Forálann alt 57 den Acht 2005 “gur féidir le cuideachta údarás a thabhairt do dhuine (ar a dtabharfar agus dá ngairtear “gníomhaire ríomhchomhdaithe” san Acht seo) chun na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ar a son”

(a) doiciméid a ríomhshíniú ar gá iad a sheachadadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí, agus

(b) na doiciméid sin a sheachadadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí, trí mheáin leictreonacha, agus iad sínithe.

Agus údarás tugtha aici don GRR, ní mór don chuideachta Foirm B77 a chomhdú leis an gCláraitheoir ag cur in iúl dó/dí go bhfuil údarás faighte ag an nGRR. Ní mór ainm agus uimhir na cuideachta agus sonraí an ghníomhaire, lena n-áirítear a (h)aitheantas CRO, a chur síos ar an bhfoirm. Faightear aitheantas CRO nuair a dhéantar iarratas chuici le gníomhú mar GRR.

Nuair a bhíonn gnólacht (comhpháirtíocht) á cheapadh mar ghníomhaire ríomhchomhdaithe cuideachta, is féidir príomhoifig an ghnólachta a shonrú seachas ainmneacha na gcomhpháirtithe ar fad. Agus ainm gnólachta á úsáid, léiríonn sé seo go gceaptar daoine áirithe mar GRR na cuideachta, daoine a bheidh ina gcomhpháirtithe ar an ngnólacht sin ó am go ham le linn an cheapacháin.

Ní féidir le cuideachta ach GRR amháin a cheapadh le gníomhú ar a son, amhail ar dháta áirithe ar bith. Ní féidir breis is GRR amháin a cheapadh, agus údarás acu go léir, chun críocha chomhdaithe na CRO. Má theastaíonn ó chuideachta GRR nua a cheapadh in ionad sean-GRR, is féidir léi a chur in iúl don CRO go n-aisghairmítear údarás an GRR sin sula gcuirtear an ceapachán nua in iúl di. (féach 4 thíos i dtaobh aisghairme)

3. DUALGAIS AN GRR

Doiciméad a bhíonn ríomhshínithe agus seachadta ag GRR thar ceann na cuideachta, glacfar leis de réir dlí mar doiciméad a bhíonn déanta ag an gcuideachta:

(a) nuair a bhíonn údarú cuideachta i bhfeidhm;
(b) nuair a bhíonn an t-údarú sin curtha in iúl don CRO (féach thíos);
(c) nuair a shínítear agus nuair a sheachadtar an doiciméad agus dualgais chláraitheoir na gcuideachtaí á chomhlíonadh, dualgais dá dtagraítear san Acht um Thráchtáil Leictreonach 2000 (féach 5. thíos).

Beidh an chuideachta agus an GRR freagrach as rialú na ndoiciméad a bhainistiú. Forálann alt 57(6) den Acht 2005 nach gcuirfear cosc ar GRR bheith ina (h)iniúchóir cuideachta.

4. FREAGRACHTAÍ NA CUIDEACHTA I LEITH AN GRR

Leasaíodh alt 242 den Acht 1990 agus forálann sé anois go mbeidh duine ciontach i gcion nuair a thugann sé/sí faisnéis atá bréagach go feasach nó go toiliúil, do ghníomhaire ríomhchomhdaithe, faisnéis a tharchuirtear ina dhiaidh sin i dtuairisceán a chuirtear isteach thar ceann an duine.

Is féidir le cuideachta údarú GRR a aisghairm agus ní mór é seo a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B77. Beidh údarú ag an nGRR gníomhú thar ceann na cuideachta go dtí go gcuirtear an t-athrú seo in iúl don CRO ag úsáid Foirme B77.

Más sárú conartha a bhíonn i gceist, nó nuair a bhaineann dliteanas leis an athrú, ní chuireann sé seo isteach ar bhailíocht na haisghairme.

5. CONAS A DHÉANTAR DOICIMÉID RÍOMHCHOMHDAITHE A FHÍORDHEIMHNIÚ

Úsáidtear deimhniú cliaint digitigh le haitheantas a chur ar GRR. Nuair a ghlacann an CRO le GRR nua, eiseoidh sí deimhniú digiteach pearsanta trí ríomhphost don duine teagmhála a ainmnítear ar an bhfoirm. Beidh an CRO ina hÚdarás Deimhnithe (ÚD) sa chás seo.

Tá deimhniú digiteach pearsanta ar chomhbhrí le cárta aitheantais agus ní chóir é a úsáid, go fóill beag, ach in éineacht leis na bogearraí cuí rúnaíochta. Deimhneoidh sé aitheantas an duine a sheolann na doiciméid ábhartha chuí isteach.

Doiciméid:

• a sholáthraíonn GRR a bhfuil údarás cuideachta faighte aige/aici, agus
• a sholáthraíonn aitheantas agus uimhir aitheantais phearsanta de chuid sínitheoirí deimhnithe an GRR,
bíonn na doiciméid seo sínithe ag an nGRR sin de réir Achtanna na gCuideachtaí agus an Achta um Thráchtáil Leictreonach 2000.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, más cuideachta í an GRR, go bhfuil an GRR freagrach fós as an doiciméad a chomhdú. Úsáidtear uimhir aitheantais phearsanta agus aitheantas an duine le hé/hí a aithint.

AGUISÍN 1

57. (1) Is féidir le cuideachta údarás a thabhairt do dhuine (ar a dtabharfar agus dá ngairtear "gníomhaire ríomhchomhdaithe" san Acht seo) chun na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ar a son.

(2) Is iad na gníomhartha sin ná —
(a) doiciméid a ríomhshíniú ar gá iad a sheachadadh nó a thugtar údarás le hiad a sheachadadh do chláraitheoir na gcuideachtaí, le hAchtanna na gCuideachtaí, faoi na hAchtanna sin nó faoi achtachán ar bith eile, agus
(b) na doiciméid sin a sheachadadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí, trí mheáin leictreonacha, agus iad sínithe.

(3) Nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas, glacfar de réir dlí le gníomh ar nós na ngníomhartha thuasluaite mar ghníomh bailí, gníomh a bhíonn déanta ag gníomhaire de bhun údaraithe cuideachta faoin alt seo atá i bhfeidhm (agus má chloítear le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí nó achtachán eile a bhíonn i gceist i leith an ghnímh sin a dhéanamh (m.sh an tréimhse inár gá an gníomh a dhéanamh)).

(4) Is iad na coinníollacha a luaitear *i bhfo-alt* (3) ná —
(a) sula ndéanann an gníomhaire ríomhchomhdaithe gníomh ar bith dá dtagraítear *i bhfo-alt* (2) don chéad uair riamh, agus údarú faighte ón gcuideachta faoin alt seo, go gcuireadh in iúl do chláraitheoir na gcuideachtaí, san fhoirm atá leagtha síos, go bhfuil údarás ag an ngníomhaire le hé seo a dhéanamh, agus

(5) Beidh an chuideachta agus an gníomhaire ríomhchomhdaithe atá údaraithe aici faoin alt seo rialú na ndoiciméad a bhainistiú dá dtagraítear i bhfo-alt (2).

(6) Ní mheasfar gur oifigeach nó seirbhíseach na cuideachta é/í an gníomhaire ríomhchomhdaithe, chun críocha alt 187(2)(a) den Acht 1950, de bhun an údaráis atá aige/aici faoin alt seo.

58.—(1) Is féidir le cuideachta údarú de chuid gníomhaire ríomhchomhdaithe a aisghairm faoi alt 57.

(2) Cuirfidh cuideachta aisghairm den saghas seo in iúl do chláraitheoir na gcuideachtaí, san fhoirm atá leagtha síos.

(3) Mura gcuirtear agus go dtí go gcuirtear an aisghairm in iúl do chláraitheoir na gcuideachtaí, measfar go bhfuil an t-údarú fós bailí agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé fós i bhfeidhm chun críocha alt 57(3).

(4) Más sárú conartha a bhíonn i gceist nó má bhaineann dliteanas le húdarú ailt 57 a aisghairm, aisghairm a dhéantar faoin alt seo —
(a) ní chuirtear isteach ar bhailíocht na haisghairme chun críocha ailt 57 fiú má bhíonn sárú i gceist nó nuair a bhaineann dliteanas leis an athrú, agus
(b) ní chuirtear deireadh le cúis chaingne nó ní chuirtear isteach uirthi i leith an sáraithe nó an dliteanais sin fiú amháin má bhíonn an aisghairm bailí.

De réir alt 242 den Acht 1990 – arna leasú le halt 71 den Acht um Chistí Infheistíochta (leasuithe i gcló trom):

(1) Beidh duine ciontach i gcion, ag airbheartú bheith ag comhlíonadh forálacha Achtanna na gCuideachtaí, nuair a dhéanann sé/sí freagra a thabhairt ar cheist, léirmhíniú a sholáthar, ráiteas a dhéanamh, tuairisceán, tuarascáil, deimhniú, clár comhardaithe nó doiciméad ar bith eile a chomhlánú, a shíniú, a chur le chéile, a thaisceadh nó a sheachadadh, a sholáthraíonn sonraí ábhartha bréagacha, nuair a bhíonn a fhios aige/aici go bhfuil sé bréagach, nó freagra a thabhairt ar cheist, léirmhíniú a sholáthar, ráiteas a dhéanamh nó doiciméad den saghas seo a chomhlánú, a shíniú, a chur le chéile, a thaisceadh nó a sheachadadh go mearánta.

(1A) Beidh duine ciontach i gcion nuair a thugann sé/sí faisnéis atá bréagach go feasach nó go toiliúil, do ghníomhaire ríomhchomhdaithe, faisnéis a tharchuirtear ina dhiaidh sin i dtuairisceán a chuirtear isteach thar ceann an duine chuig cláraitheoir na gcuideachtaí.

(2) Nuair a fhaightear duine ciontach i gcion faoi fho-alt (1) nó (1A) agus nuair a bhíonn an chúirt den tuairim go bhfuil gníomh, easnamh nó iompair ar bith ar a mbunaítear an cion sin -
(a) tar éis cur go mór le héagumas cuideachta a fiachais a íoc;
(b) tar éis cosc a chur ar chuideachta a fhoirceannadh go hordúil nó tar eis cur isteach go mór ar an bpróiseas seo; nó
(c) tar éis páirt mhór a ghlacadh i gcalaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó creidiúnaithe de chuid duine eile ar bith, dlífear ar é/í a chiontú ar díotáil príosúnacht a chur air/uirthi le haghaidh téarma nach mó ná 7 mbliana nó fíneáil nach mó ná £10,000 [€12,697.38] nó an dá rud.

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Parnell House,14 Parnell Square, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200 Fax: +353 1 804 5222
Email: info@cro.ie Web: www.cro.ie

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200 Faics: +353 1 804 5222
Ríomphost: info@cro.ie Láithreán: www.cro.ie